

❖An Lúibín❖

21 Márta 2005



Teangacha gan labhairt

We are a multilingual country, and languages are compulsory in our schools, yet we fail to teach them effectively. An old complaint: and the problems are still to be solved.

Trí bliana ó shin thoiligh ceannairí de chuid an Aontas Eorpach é a bheith de chuspóir acu dhá theanga ar a laghad a mhúineadh do gach páiste chun buntáiste a thabhairt do na hEorpaigh i gcúrsaí oibre. Cén bhaint atá aige seo linne san Astráil? Baint mhór, más fíor don iriseoir Janet de Silva, a raibh alt léi faoin scéal ar an *Education Age* ar 14 Márta 2005. Ní hé seo an chéad uair a bhí múineadh teangacha sa tír seo á phlé ag an bhfoilseachán céanna ná ag *An Lúibín* féin; ach b'fhéidir go bhfuil práinn leis an scéal anois agus na saineolaithe ag tuar tubaiste. Caithfidh na daltaí teanga a dhéanamh, ach is beag duine acu a bhfuil an dara teanga ar a thoil aige go fiú tar éis na blianta fada a chaitheamh ina bun. Caitheann formhór na ndaltaí an dara teanga a dtraipisí chomh luath agus is féidir: níl 15% féin de na daltaí i mbliain 12 ag déanamh teanga ar bith.

Tá *An Lúibín* lonnaithe i stát Victoria na hAstráile, stát a gcuirtear béim ar leith ar theangacha sna scoileanna. An iomarca béime, b'fhéidir: tá teanga is fiche ar fáil sna bunscoileanna agus ocht dteanga dhéag sna meánscoileanna. Is iad na príomhtheangacha scoile ná Sínis, Seapáinis, Indinéisís, Iodáilis, Fraincis agus Gearmáinis, agus tá daoine a déarfadh gur chóir gan ach sé bhunteanga a bheith ann. Mhol saineolaí áirithe gurbh fhiú gan ach dhá cheann a bheith ann – Iodáilis agus Indinéisís.

Ach tá fadhbanna eile ann. Mar a deir de Silva, tá barúil ag mórán príomhoidí bunscoile, múinteoirí agus tuismitheoirí gur mó de chiotáí ná de chúnaimh iad na teangacha. Tá acmhainní agus múinteoirí ag teastáil, agus tugtar tús áite do pháistí nach bhfuil léamh ná scríobh an Bhéarla acu i gceart. Ní fhanann múinteoirí teangacha go rófhada, agus is deacair speisialtóirí a fháil a bhfuil bua na múinteoireachta acu. Ar éigean a chaithfeadh an chuid is mó de na bunscoileanna os cionn uair an chloig sa tseachtain ar mhúineadh teangacha. Beag an t-ionadh, mar sin, gur ar 'chleachtadh cultúrtha' seachas ar theanga a fhoghlaim a chuirtear an treise.

Tá éileamh éigin ar na teangacha Áiseacha, agus is maith an rud é; táimid buailte suas leis na tíortha úd, agus tá an tSín ag dul i neart i gcónaí. Sínis agus Seapáinis is ansa leis na daltaí, ach ní théann siad thar fóir leis; níl slua mór á ndéanamh i mbliain 12. Deirtear nach bhfuil fiú 6,000 mac léinn ag déanamh Sírise ar ardleibhéal in ollscoileanna na tíre, agus gur as an Áise dá leath. Níl ach 1,800 mac léinn ag déanamh Indinése. Cá mbeidh na teangairí le fáil agus gá leo?

Tá an Rialtas Cónasctha sásta airgead a chaitheamh ar theangacha - \$110 milliún, agus é dírithe ar chlár theangacha. Tá iarracht á déanamh ar mhúinteoirí a nascadh le chéile ar fud na tíre agus ar chlár bhunscoile agus meánscoile a chur in oiriúint dá chéile. (Tá fadhb eile ann nár luadh san alt úd: an teanga á foghlaim agat agus gan deis agat í a chleachtadh. San Eoraip tá na tíortha agus na teangacha ag críochantacht lena chéile; ní hamhlaidh san Astráil é.)

Déanann de Silva agus a leithéidí talamh slán de gur féidir athrach bisigh a dhéanamh. Go fiú má tá an ceart acu, ná bímis ag súil leis an iomarca. Is deacair dúinn daoine a thabhairt linn in éadan

a gcos, agus ní cosúil go dtiocfadh feabhas mór (nó feabhas ar bith, b'fhéidir) ar an scéal lena linn. Is é an Béarla féin an chonstaic is mó, agus é ar na teangacha is mó is fiú duit a bheith agat, cuma cá bhfuil cónaí ort – rud nach bhfuil an t-aos óg dall air. Níl na tuismitheoirí féin an-chorraithe faoin scéal. Go fiú dá mbeadh an scéal níos fearr ná mar atá, ní bheadh teanga eile ar a dtail ach ag an mbeagán. B'fhiú an beagán sin a mhéadú, cinnte, go háirithe an chuid acu a bhfuil teanga Áiseach acu; ach más pobal ilteangach anois sinn, a bheag nó a mhór, is de bharr na hinimirce é agus ní de bharr na scoileanna. Déanaimis an córas a chóiriú, an méid teangacha a laghdú (ach faill a bheith ag daltaí a rogha teanga a fhoghlaim agus na múinteoirí ann chuige), airgead a chaitheamh go ciallmhar, buntáistí praiticiúla na dteangacha a mhíniú. Déanaimis é sin go léir, agus feicimis cén toradh a bheidh air. Má bhíonn méadú 10% féin ar an dream a bhfuil Indinéisís nó Fraincis go binn acu is fiú an saothar é.



Ó na nuachtáin Ghaeilge

A new Irish language course online from the BBC.

Tá sraith úrnua cumtha ag an mBBC chun Gaeilge a mhúineadh, agus í dírithe ar dhaoine idir 18 agus 40 bliain d'aois. Dream iad seo nach mian leo, más fíor, dul chun ranganna ach abhfuil fonn orthu blaiseadh den teanga go neamhfhoirmiúil. Tá an tsraith le fáil ar: www.bbc.co.uk/ni/colinandcumberland. Tá spraoi ag baint léi, agus cluiche ann is féidir leat a imirt ar ghuthán púca, ar lorg na bhfocal ceart. Colin (ar fear é) agus Cumberland (ar madra é) an dá phríomhphearsa; titeann teach isteach ar Cholin mar oidhreacht, teach atá díblí agus fiacha móra ag baint leis. As sin a eascraíonn na heachtraí. *Féach scéal le Robert McMillen ar Foinse 13/3/05: www.foinse.ie.*

Reality Irish in the North.

Ó na Breatnaigh a cheannaigh TG4 an smaoineamh – daoine mór le rá a chur ag foghlaim Gaeilge, agus cumas ag an lucht féachana iad a chaitheamh amach as an rang lena gcuid vótaí. *Seachtain le Gaeilge* is teideal don seó, agus beidh sé á thaispeáint ó thuaidh, áit a bhfuil an tuafás foghlaiméirí. Ní fios cén rath a bheidh air (nó cén rath atá tuillte aige) ach tá TG4 tógtha leis, agus deirtear go bhfuil ant-airgead ann chuige. *Féach scéal le Conchubhar Ó Liatháin ar Lá: www.nuacht.com.*

Songs in English on Raidió na Gaeltachta.

Tháinig an t-athrú nárbh fhéidir a theacht ar bheartas frithBhéarla a bhí ag Raidió na Gaeltachta ó thús – amhráin Bhéarla ó 9.00in go dtí 1.00rn. Dúirt craoltóir amháin go raibh tromlach na foirne ina aghaidh riamh agus nach dtaitneodh an t-athrú leis na héisteoirí dílse. Tá an tAire Gaelteacht ag caint le tamall anuas ar phostáisiún a bhunú a mbeadh liricí Béarla ceadaithe ann, rud a thug ar dhuine áirithe a rá: 'An bhfuil an tAire sásta dul agus airgead a lorg do stáisiún nua nó an bhfuil se sásta mar Aire amharc ar Raidió na Gaeltachta bogadh i dtreo dátheangachais, rud nach raibh i gceist riamh?' *Féach scéal le Eoghan Ó Néill ar Lá.*

Bealach Mheiriceá

An interesting site and article from America.

Is fiú súil a chaitheamh ar an suíomh seo a leanas: www.scoilgaeilge.org. Scoil Ghaeilge Ghearóid Tóibín i Meiriceá atá i gceist.

Tháinig alt suimiúil amach tamall ó shin ar an nuachtán Gael-Mheiriceánach 'Irish Echo' i dtaobh ranganna Gaeilge ar Long Island. B'fhiú a bhfuil á dhéanamh ansin a chur i gcomórtas lena bhfuil ar siúl anseo. Tá an t-alt le fáil thíos:

<http://www.irishabroad.com/news/irishinamerica/news/IrishLanguageAliveonLongIsland.asp>

Gaelport.com: suirbhéanna

Cuireann an suíomh eolais Gaelport.com (www.gaelport.com) suirbhéanna ar fáil faoi úsáid na Gaeilge. Cuireadh ceist faoin líon daoine a úsáideann an teanga go laethúil in Éirinn, agus seo na torthaí:

Sa bhaile	31%
San oifig	19%
I suíomh sóisialta	11%
Ar scoil/sa choláiste	20%
Ar líne	20%

Ceist eile: Cá mhéad leabhar Gaeilge a cheannaigh tú le bliain anuas?

Ceann ar bith	14%
Ceann amháin	18%
Idir 5 is 10 gcinn	48%
Níos mó	20%



Teacht Phádraig

Patrick's day has come and gone – the day of a saint who was not the first to bring Christianity to Ireland, nor the only one to further spread it there, but whose own voice – intense and sometimes angry – can be heard unforgettably in his writings.

Tá Lá 'le Pádraig tar éis gabháil thart arís, agus tá sé in am againn a chuimhneamh (arís) nárbh é Pádraig ba thúisce a thug an Chríostaíocht go dtí Éire. Bhí Críostaithe in Éirinn sular tháinig Pádraig, agus iad bunaithe go maith in oirthear agus in ndeisceart na tíre. Thugtaí 'domhnach' ar na seanteampaill sin (féach Domhnach Broc, Domhnach an Eich agus a lán eile), focal a tháinig ó 'dominicum' na Laidine, agus a bhí seanfhaiseanta cheana nuair a luigh Pádraig isteach ar an obair. Go fiú nuair a tháinig Pádraig ní raibh sé ina aonar, agus an oiread sin misinéirí eile ag obair in Éirinn san am céanna: Sachellus, Camelacus agus slua eile. Ach eisean an t-aon duine acu a thug léargas éigin dúinn ar a bheatha, ar a aigne agus ar a anam. Chuir rud eile lena cháil freisin – an bholscaireacht a rinne manaigh Ard Mhacha tar éis a bháis ar mhaithe le clú a mainistreach féin agus le clú theaghlach ríoga Uí Néill. D'éirigh leo cuimhne na misinéirí eile a mhaolú, murar chealaigh siad ar fad í.

Cuireann scríbhinní an naoimh in iúl dúinn gurbh fhear é a bhí an-umhal i gcroí (*peccator rusticissimus et minimus omnium fidelium et contemptibilis sum apud plurimos*) ach a mhóthaigh caidreamh pearsanta a bheith ag Dia air. Cuireann sé ciall dhiaga tharchéimniúil le gach eachtra ina shaol mar rud a léiríonn a uiríleacht féin agus tábhacht na hoibre a cuireadh air dá hainneoin. Tá fuinneamh agus macántacht le haithint ar an insint - Laidin gan ornáid nach bhfuil aon de chastacht na n-údar clasaiceach uirthi. Tá an cuntas breac le sleachta as an mBíobla - sleachta nach bhfuil an-chruinn i gcónaí, ach a chuireann trócaire agus cumhacht Dé abhaile ar an léitheoir.

Tosaíonn an 'Confessio' le moladh Dé: ansin deirtear linn nach gcuirfeadh an Naomh fíoraithne ar Dhia murar fuadaíodh é (*ut conuerterem toto corde ad Dominum meum, qui respexit humilitatem meam et missertus est adolescentiae et ignorantiae meae*). I gcónaí léirítear toil Dé dó trí bhrionglóid, trí fhís nó trí mhíorúilt; ar an dóigh sin a deirtear leis go mbeidh long roimhe thall ach éalú:

Et ibi scilicet quadam nocte in somno audiui uocem dicentem mihi: 'Bene ieiunas, cito iturus ad patriam tuam.' Et iterum post paululum tempus audiui responsum dicentem mihi: 'Ecce, nauis tua parata est.'

Faightear an long agus cuireann siad chun na farraige; nuair a thagann gorta orthu éiríonn le Pádraig bia (mucra fiáin) a sholáthar tar éis Dia a ghuí:

Ego enim euidenter dixi illis: 'Conuertemini ex fide et ex toto corde ad Dominum Deum meum, cui nihil est impossibile, ut bodie cibum mittat uobis in uiam uestram usque dum satiamini, quia ubique habundat illi.'
Et adiuuante Deo, ita factum est. Ecco grex porcorum in uia ante oculos nostros apparuit, et multos ex illis interfecerunt, et ibi duas noctes manserunt et bene refecti.

Filleann sé, ar ndóigh, ar na coillte, na lochanna, na feirmeacha beaga, ag teagasc sna bólaí nár tháinig focal Dé fós, agus gan fáilte roimhe uaireanta. Is iad na mná is túisce a thagann chuige, rud nach dtaitníonn lena n-aithreacha:

Et etiam una Scotta benedicta, Scotta genitiua, nobilis, pulcherrima, adulta erat, quam ego baptizauí: et post paucos dies una causa uenit ad nos: insinuauit namque nobis responsum accepisse a nutu Dei, et monuit eam ut esset uirgo Christi, et ipsa Deo proximaret. Deo gratias, sexta ab hac die optime et auídissime arripuit illud, quod etiam omnes uirgines Dei ita hoc faciunt; non sponte patrum earum...

Tá an 'Confessio' agus 'Epistola S. Patricii ad Christianos Corotici Tyranni subditos' fite fuaite ina chéile mar chuid den scéal céanna. Ba é an Rí Briotanach Coroticus, Críostaí, ba chiontaí le marú agus le fuadach phobal Phádraig, rud ba chúis leis an íde béil a thug an Naomh don Rí, agus d'easpaig na Breataine ina dhiaidh sin toisc gur loic siad air. Fógraíonn sé gur gairid an seal a ghealltar do thíoránaigh an domhain seo, *quod utique in momento transeat sicut nubes uel fumus, qui utique uento dispergitur: ita peccatores et fraudulentí a facie Domini peribunt...*

An drochmhisneach a chuir an t-aighneas seo ar Phádraig tháinig deireadh leis ar an ngnáthshlí trí fhís, rud a dheimhnigh dó fiúntas a shaothair agus neamhspleáchas a thionscnaimh.

Ní meabhracháin shollúnta iad na cáipéisí a d'fhág Pádraig againn; a mhalairt ar fad, rudaí iad a fáisceadh as imeachtaí ar leith agus a bhfuil lorg a thochta, a ghrá agus a fheirge le haithint fós orthu. Is é an mothú sin a mheallann an léitheoir, agus is trua nár fhág na misinéirí eile a leithéid againn. *Et haec est Confessio mea antequam morior*, a deir sé: Seo é mo scéal agaibh sula bhfaighidh mé bás.

Tá scríbhinní Phádraig le fáil (i Laidin) ar: <http://www.ucc.ie/celt/>.



An té nach mian leis An Lúibín a fháil a thuilleadh cuireadh sé teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan